Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9727/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0160 (NLE)**

**TRANS 217**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir leis an bhfochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí', i ndáil le hinrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, maidir le marcáil feithicle, leis an bhfochóras 'bonneagar', agus leis an bhfochóras 'Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta', agus a mhéid a bhaineann leis an nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF<br>- Glacadh |

1. Tá inniúlacht ag Coiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar ábhair a bhaineann le hidir-inoibritheacht, comhchuibhiú teicniúil agus nósanna imeachta formheasa. Féadfaidh sí Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTPanna) atá bunaithe ar Fhoscríbhinní F agus G a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) a ghlacadh nó a leasú. Tá an cuspóir céanna ag na UTPanna faoi chuimsiú COTIF agus atá ag sonraíochtaí teicniúla an Aontais don idir-inoibritheacht bunaithe ar Chaibidil II de Threoir (AE) 2016/797.

2. Beidh an 17ú seisiún den Choiste Saineolaithe Teicniúla ar siúl i mBeirn an 17 agus an 18 Meitheamh 2025. I measc na n-ábhar eile a phléifear, iarrfar ar an gcoiste sin athbhreithniú a dhéanamh ar na UTPanna is infheidhme maidir leis an méid seo a leanas:

- an fochóras 'rothstoc – innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' (UTP LOC&PAS),
- inrochtaineacht an chórais iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (UTP PRM),
- marcáil feithicle (UTP Marking),
- an fochóras 'bonneagar' (UTP INF) agus
- an fochóras 'Feidhmchláir theileamaitice le haghaidh seirbhísí lasta' (UTP TAF).

Ar an gcaoi chéanna, iarrfar ar an gCoiste Saineolaithe Teicniúla nuashonrú a dhéanamh ar an Lámhleabhar maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Rialacha Aonfhoirmeacha APTU[1] agus ATMF[2].

3. An 23 Bealtaine 2025, chuir an Coimisiún páipéar leathoifigiúil faoi bhráid na Comhairle ina leagtar amach a bhfuil sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú seisiún den Choiste Saineolaithe Teicniúla a mhéid a bhaineann leis na míreanna a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo. Scrúdaíodh an páipéar leathoifigiúil i dtionól na Meithle um Iompar de Thalamh an 27 Bealtaine 2025. Níor thug na toscaireachtaí aon tuairimí i leith an tseasaimh atá beartaithe.

4. An 4 Meitheamh 2025, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena léirítear, go substaintiúil, a bhfuil sa pháipéar leathoifigiúil, faoi bhráid na Comhairle. Scrúdaíodh an togra sin i dtionól na Meithle um Iompar de Thalamh an 10 Meitheamh 2025. Níor tugadh aon tuairimí ina leith agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil an clabhsúr curtha ar an bplé ar leibhéal na meithle.

---

[1] Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus Glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid le haghaidh úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta (Foscríbhinn F a ghabhann leis an gCoinbhinsiún).

[2] Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta (Foscríbhinn G a ghabhann leis an gCoinbhinsiún).

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 9462/25 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, a fhormheas agus a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh.

6. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.